



Comhairliúchán: Maoiniú ar Chraoltóireacht Sheirbhíse Poiblí

Comhchoiste um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

Feabhra 2017

CONRADH NA GAEILGE: CÉ MUID?

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.


INTREOIR

Mar chuid de ról Chonradh na Gaeilge mar fhóram daonlathach phobal na Gaeilge bíonn an Conradh i mbun plé go leanúnach le pobal na Gaeilge lena mbarúlacha a mheas ar réimse leathan ábhair. Téama amháin a thagann aníos go mion minic ná gur saol trí Ghaeilge a theastaíonn ó phobal na Gaeilge, agus an ról lárnach atá ag seirbhísí Gaeilge ar na meáin, agus meáin Ghaeilge iad féin, in a leithéid de shaol a chothú.

Is mar gheall air sin a thuigeann muid go bhfuil tacaíocht stáit do chraoltóireacht seirbhíse pobail i nGaeilge, ar iliomad ardán, ríthábhachtach do bheocht agus beatha na teanga. Tuigeann muid fosta an géarghá le forbairt leanúnach a bheith déanta san earnáil sin, go háirithe le freastal ar mhiantaí agus ar dhúil an aosa óig.

Is fíu a rá nach sin barúil phobal na Gaeilge amháin. Mar chuid de suirbhé ar 1,000 duine a rinne Millward-Brown thar ceann Conradh na Gaeilge i 2015, d’aontaigh 70% de dhaoine gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid¹. Léiríonn na táblaí thíos torthaí an suirbhé sin:

“An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh seirbhísí trí Ghaeilge curtha ar fáil ag an Stát do dhaoine ar mhaith leo iad a úsáid.”



Is é tuiscint s’againn ar éilimh agus ar mhiantaí phobal na Gaeilge, mar a luaitear thuas, atá taobh thiar den aighneacht seo maidir le maoiniú ar chraoltóireacht sheirbhíse poiblí.

MOLTAÍ I DTACA LE TÉAMA 2

Mar a luadh san Intreoir, tá géarghá le craoltóireacht sheirbhíse poiblí i nGaeilge i slánú agus forbairt na Gaeilge.

TG4

Maidir le choigiltis éifeachtúlachta á dhéanamh, chuirfeadh sé an-bhuaireamh orainn dá ndéanfaí tuilleadh choigiltis éifeachtúlachta ar TG4. De réir tuarascáil bliaintiúil de chuid an BAI: “The Crowe Horwath evaluation that no further efficiencies are possible under the TG4 operating model has been accepted by the BAI, and we have seen no evidence to dispute this judgment.”² Mar sin de, bheadh breis choigiltis éifeachtúlachta tubaisteach amach is amach do TG4.

- **Níor chóir tuilleadh choigiltis éifeachtúlachta a dhéanamh ar bhuiséad TG4, ar dhóigh ar bith.**

Raidió na Gaeltachta

Tá titim mhór tagtha ar bhuiséad Raidió na Gaeltachta (RnaG) ó bhí 2008 ann³, in aineoinn tábhacht na seirbhíse sin. Tá gearghá go mbeidh cosaint agus forbairt déanta ar mhaoiniú RnaG, nó is crann taca é do phobal na Gaeilge ar fud an oileáin. Bheadh tuilleadh choigiltis éifeachtúlachta tubaisteach go maith do Raidió na Gaeltachta.

- **Cosaint agus forbairt a dhéanamh ar mhaoiniú Raidió na Gaeltachta le go mbeadh an maoiniú acu dóthanach.**

MOLTAÍ I DTACA LE TÉAMA 6

Tá moltaí s’againn bainte leis an cheist faoi leith thíos:

“Is it possible for TG4 to pursue its principal objects given the existing level of resources available to it?”

De réir tuarascálacha bliantúla de chuid an BAI, baineann TG4 leas iontach as an mhaoiniú a fhaigheann siad – éacht nach beag in sa ré digiteach seo^{[4][5][6]}. Ach, de réir tuarascálacha bliantúla TG4, in aineoinn na sár-iarrachtaí sin, níl ag iarraidh leo roinnt de na príomhaidhmeanna reachtúla sin acu a chomhlíonadh. Tá laghdú mór tagtha ar mhaoiniú TG4 ó thús an chúlú eacnamaíochta, agus tá an maoiniú bliantiúil a fhaightear faoi láthair píosa maith níos ísle ná leibhéil 2008⁷.

Ón mhéid atá thuas, is ní de bharr obair TG4 nach bhfuil na príomhaidhmeanna reachtúla sin á bhaint amach acu, nó is léir go bhfuil TG4 ag baint tairbhe fíor-éifeachtach as an mhaoiniú a fhaigheann siad. Mar sin de, is léir go bhfuil géarghá le méadú a dhéanamh ar an mhaoiniú a fhaigheann siad, le go dtig leo na dualgaisí reachtúla acu a chomhlíonadh, rud a bheadh go mór ar leas phobal na Gaeilge.

Anuas air seo, le spás a thabhairt don eagraíocht forbairt a dhéanamh, ba chóir do mhaoiniú TG4 bheith curtha i bhfeidhm ar bhonn seasmhach, ilbhliana. Ligfeadh sin dóibh díriú isteach agus tógáil a dhéanamh ar an sár-obair atá á dhéanamh acu le fiche bliain anois. Ag an phointe seo, tá á gcumas ó thaobh bainistiú airgid de léirithe acu arís is arís eile.

- **Maoiniú TG4 a ardú ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh an chúlú eacnamaíochta i 2008, ar a laghad.**
- **Maoiniú TG4 a chur ar bhonn seasmhach, ilbhliana.**

MOLTAÍ EILE

Ag glacadh leis go raibh an-rath ar mhúnla TG4 le fiche bliain anuas, agus ag aithint go bhfuil bearna ann ó thaobh craoltóireachta de i dtaca le seirbhísí Gaeilge a fhreastalaíonn ar mhiantaí agus éilimh an aos óig, tá muid ag moladh go gcuirtear maoiniú ar fáil fá choinne seirbhís raidió Gaeilge uile-oileánda, ar FM, ceann a bheadh dírithe ar an aos óg.

Chuíge sin, tá Raidió Rí-Rá faoi láthair ag craoladh go digiteach, fríd aip, suíomh idirlíon, agus ar DAB, idir a 07:00-22:00 gach lá. Bíonn a gcuid cláir (idir beo agus réamhthairfeadta) ag díriú ar dhaoine óga 12 - 30 blian d'aois, agus bheadh muid ag moladh go láidir go dtugtar an maoiniú agus an tacaíocht cuí do Raidió Rí-Rá chun go dtig leo an bearna sin a líonadh, faoi bhráid an phlean trí bliana atá acu.

Tá deis iontach ann céim chun tosaigh suntasach a ghlacadh i soláthar seirbhíse Gaeilge – b'fhiú dúinn é a thairpeadh.

- **Maoiniú & tacaíocht chuí a chur ar fáil do Raidió Rí-Rá le seirbhís raidió FM a chur ar fáil don aos óg i nGaeilge ar bhonn uile-oileánda.**

ACHOIMRE AR NA MOLTAÍ AR FAD

- Níor chóir tuilleadh choigiltis éifeachtúlachta a dhéanamh ar bhuiséad TG4, ar dhóigh ar bith.
- Cosaint agus forbairt a dhéanamh ar mhaoiniú Raidió na Gaeltachta le go mbeadh an maoiniú acu dóthanach.
- Maoiniú TG4 a ardú ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh an chúlú eacnamaíochta i 2008, ar a laghad.
- Maoiniú TG4 a chur ar bhonn seasmhach, ilbhliana.
- Maoiniú & tacaíocht chuí a chur ar fáil do Raidió Rí-Rá le seirbhís radió FM a chur ar fáil don aos óg i nGaeilge ar bhonn uile-oileánda.

B'fhiú a lua go mbeadh an-spéis ag Conradh na Gaeilge teacht ós comhair aon choiste nó bheith páirteach in aon fhóram comhairliúcháin atá faoi bhráid an phróisis seo.

Nótaí

[1] Céard É An Scéal 2015: [Nasc](#)

[2] Tuarascáil Bliantúil BAI (2015): [Nasc](#)

[3] Maoiniú de €15m i 2008, maoiniú de €11.3m i 2015. Figiúirí ó tuaracálacha bliantúla RTÉ 2008 & 2015: [Nasc](#) & [Nasc](#)

[4] "A Strong Performance [by TG4] while under financial constraint" - Tuarascáil Bliantúil BAI (2015): [Nasc](#)

[5] "We therefore feel TG4 is using the available funds efficiently" - Tuarascáil Bliantúil BAI (2015): [Nasc](#)

[6] "We believe TG4 delivers good value for money relative to its funding levels." - Tuarascáil Bliantúil BAI (2015): [Nasc](#)

[7] Tuarascáil NewERA (2015) [Nasc](#)